Oíche Shóisialta ‘Gaeilge Locha Riach’

D’éirigh go hiontach leis an oíche mhór a bhí eagraithe ag Gaeilge Locha Riach i dTigh Connolly’s le déanaí. Ghlac go leor páirt in imeachtaí na hoíche agus deis ag Gaeil Oirthear na Gaillimhe sult a bhaint as spraoi is siamsaíocht na hócáide.

Rinneadh ceiliúradh ar an mhéid a bhí curtha i gcrích ag foghlaimeoirí ó Bhaile Átha an Rí, Gort Inse Guaire, Béal Átha na Slua, Port Omna agus i mBaile Locha Riach agus teastais bronnta orthu siúd a d’fhreastail ar na cúrsaí do dhaoine fásta.
Bhí Tráth na gCeist eagraithe agus chuaigh an t-airgead iontála ar fad i dtreo áiseanna a fhorbairt sa Naíonra áitiúil.

Bhí 40 spotduaiseanna urraithe ag comhlachtaí, gnónna is grúpaí áitiúla agus go leor daoine ag dul abhaile le rud éigin ina ngleic.

Bronnadh duaiseanna ar trí fhoireann agus duais speisialta le postaer ildáite de churaidh na Cúige ‘Iománaithe Locha Riach’ deartha ag ‘Lá’ bronnta ar dream acu siúd. Bhí go leor éilimh ar na postaeir céanna gur cuireadh luach iontach leis an duais seo go háirithe. Ba iad an fhoireann ‘M&M’s’ a tháinig sa chéad áit áfach.

Chuir seisiún ceoil is amhránaíochta clabhsúr le himeachtaí na hoíche. Frank Healy an aoí speisialta a bhí ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann don ócáid. Is cosúil gur thaitin an oíche le cách agus tharla go raibh roinnt duine ag dul abhaile mall go leor.

‘Gaeilge Locha Riach’ celebrate

The Gaels of East Galway had a great social night in Connolly’s Bar Loughrea recently. The point of celebration was the fact that so many adult learners had completed courses in Athenry, Gort, Ballinasloe, Portumna and Loughrea and many were presented with certificates on the night.

There had been a Tráth na gceist / Bilingual Quiz organized and all the entry fees went towards developing facilities in the local Naíonra / Irish language Pre-school. Local companies, shops, business and public groups sponsored more than forty spot prizes which made sure that quite a lot of folk went home with something.

The first three teams were awarded prizes with ‘M&M’s’ coming in first place. There was a special prize awarded that had a full colour poster of the Loughrea Hurlers - champions of Connacht specially designed by the Irish language newspaper ‘Lá’ – the same poster has been in big demand of late.

A music session organised by the local branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann had Frank Healy in attendance as a guest musician. Yes, it seems that everyone seemed to enjoy the evening and look forward to the next social gathering.

Micheál Ó Cuinn, Gráinne Nic Ghabhann, Niamh Ní Fhathaigh agus Bernie Uí Chuinn agus iad iontach sásta leis na postaeir ildaite de fhoireann iomána Locha Riach a bhuaigh siad i gcomórtas Tráth na gCeist.

Fuair go leor daoine teastais as freastal ar ranganna faoi stiúir 'Gaeilge Locha Riach' ina measc bhí dream bhreá as Port Omna ag an Oíche Shóisialta i mBaile Locha Riach: Chris Finnerty, Dymphna Donaghue, Micheál Ó Briain, Delia McLoughlin agus Phil Coleman.

Buaiteoirí Tráth na gCeist ag Oíche Shóisialta a bhí ag 'Gaeilge Locha Riach': Paul O'Donnell, Monica O Donnell, Mabel Barrett agus Mark O'Donnell.

Cuid de na Ceoltóirí a bhí ag glacadh páirte sa seisiún ceoil le linn Oíche Shóisialta 'Gaeilge Locha Riach': Niamh Ní Fhathaigh, Gráinne Nic Ghabhann, Micheál Ó Fathaigh agus Frank Healy.